CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Saothrú na Gaeilge scríofa sna Déise aimsir an Drochshaoil
Authors	Ó Macháin, Pádraig
Publication date	2017
Original Citation	Ó Macháin, P. (2017) 'Saothrú na Gaeilge scríofa sna Déise aimsir an Drochshaoill', An Linn Bhuí-, 21, pp. 225-241.
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Rights	© 2017 Pádraig Ó Macháin
Download date	2026-11-05 17:41:36
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/4552

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

[*An Linn Bhuí*: *Iris Ghaeltacht na nDéise* 21 (2017) 225–241]

[**225**]

Saothrú na Gaeilge scríofa sna Déise aimsir an Drochshaoil

Pádraig Ó Macháin

Cé ná fuil scéal an fhocail scríofa sna Déise leath chomh saibhir lena bhfuil d'fhianaise air i gceantracha eile na Mumhan, bua amháin a bhaineann leis sin ná go gcuireann ar ár gcumas mionchúrsaí áirithe a thabhairt fé ndeara gan mórán dua. Ceann amháin acu san ná é seo: sa tréimhse dachad blian, idir na blianta 1810 agus 1850, is ea a scríodh formhór dá maireann againn de lámhscríbhinní na nDéise – 60 fán gcéad acu, i gcomórtas le 27 fán gcéad roimh an tréimhse sin agus 13 fán gcéad ina dhiaidh. Gnó ana-shuimiúil a bheadh ann figiúirí comparáideacha a fháil d'áiteanna eile sa tír, ach obair í sin atá le déanamh fós. Ina theannta san, in aon staidéar dá leithéid is ceart an t-agó so a chur san áireamh: go mbímíd i dtaobh i gcónaí le cúrsaí ná bíonn smacht ná fios againn orthu agus eolas d'aon tsórt á sholáthar againn i gcúrsaí lámhscríbhinní, go háirithe ceist chailliúnt nó scrios na bhfoinsí féin. Baineann sé seo le gach aon tréimhse i stair lámhscríbhinní na Gaeilge.

An pobal agus cúrsaí an tsaoil sna Déise i dtréimhse na lámhscríbhinní

Muintir an limistéir atá fé chaibidil anso, bhí seana-thaithí acu ar an gcruatan, ar an gclampar, agus ar an gcíorthuathail sara dtáinig ann don nGorta Mór ar aon chor. An ceantar in iarthar agus i lár na nDéise, bhí ar ceann desna háiteanna ba chorraithe agus ba ghéire faobhar i gcúrsaí polaitíochta sa dara leath den ochtú haois déag agus isteach sa naoú haois déag. Is ann, cuirim i gcás, a tháinig ann dosna Buachaillí Bána, i bhfíoriarthar an chontae agus as san ó thuaidh thar teorainn isteach i dTiobraid Árann, i dtuaisceart dúthaigh Déise.

Níorbh aon chiotrainn í dá réir sin, nuair a mhaolaigh ar chúrsaí na mBuachaillí Bána, go dtáinig an débhatráil nú an fhaicsionaíocht chun cinn sa cheantar céanna agus gur leath soir fan dhá bhruach na Siúire agus gur mhair chomh déanach le lár an naoú haois déag. Ar bhruacha sin na Siúire agus na hAbhann Móire thiar, bhí, agus tá i gcónaí, lear mór de thithe na cinsealachta, agus bhí an pátrún céanna le fáil istigh i lár an chontae agus as san soir. Formhór na dtithe móra seo, bhíodar i ngiorracht achair ghairid mhílte dá chéile, agus d'fhág so blas láidir plandála ar an áit. Ina theannta san, ar na tiarnaí móra talún, do bhí beirt go háirithe a raibh cumhacht thar cuimse acu, agus anáil mhór acu dá réir ar chúrsaí saoil i lár agus in [**226**] iarthar an chontae. B'in iad Paorach an Churraigh Mhóir, agus Cavendish an Leasa Móir, Diúc Devonshire, a raibh tailte féna réir aige ón gceantar san soir go Dún Garbhán agus ó dheas chomh fada le hEochaill. Ní mar a chéile a chaitheadar beirt lena gcuid tionóntaithe, meon an aighnis ag fear an Churraigh Mhóir, meon an réitigh, tríd is tríd, ag fear an Leasa.

An stair sin na plandála agus an chlampair, thug atmasféar ábhar múchta agus plúchta i gcúrsaí an tsaoil sa dúthaigh, is bhí a rian le feiscint ar an litríocht dúchais. Ina dheismireacht ar eachtraí na mBuachaillí Bána bheadh an cnuasach de theacsaí a bhaineann le cur chun báis an Athar Nioclás Mac Síthigh i gCluain Meala sa mbliain

1766. Téacsaí iad so a chuimsíonn marbhnaí foirmeálta ardréimeacha, caoineadh béil a maireann leaganacha éagsúla de, agus téacsaí pobail idir eatarthu mar déarfá, ná féadfaí bheith cinnte nách teacsaí iad a bhí ann cheana féin ach a cuireadh in oiriúint do chás an tsagairt, rud ná beadh neamhchoitianta in aon tslí (féach *An Linn Bhuí* 16 (2012) 199). Deismireacht eile ná marbhna Éamoinn Phaor Bhaile Ghaigín, a crochadh i nDún Garbhán sa mbliain 1799. Tá brí le ceist seo réim agus cothú na litríochta, agus tá sé tábhachtach go ndéanfaimís iarracht ar a leithéid a fhiosrú oiread agus is féidir.

In aon fhiosrú den tsaghas san is annamh a bhíonn ar ár gcumas fóisíocht a dhéanamh fé chraiceann an phobail ar thit eachtraí mar sin amach ina measc. I gcás eachtraí chéadleath an naoú haois déag, áfach, tá sé de chónách orainn foinse ana-luachmhar a bheith againn a chuireann solas ar shaol na ngnáthdhaoine nuair nach leor fianaise na véarsaíochta ná na hamhránaíochta go hiomlán. Foinse í a thugann nach mór go bruach an Ghorta féin sinn. Sin iad seanmóintí an Athar Pádraig de Bhál (*An Linn Bhuí* 11–14 (2007–10)), a bhfuil an tábhacht so leothu: go dtugann cead isteach agus bheith istigh neachoitianta dúinn i saol an ghnáthphobail i gceantar láir na nDéise sna blianta díreach roimh an nGorta Mór.

Baineann na seanmóintí seo leis na blianta ó 1820 go dtí 1833, agus le trí pharóiste i lár an chontae a bhí fé chúram an Athar Pádraig ar an dtaobh thoir de shléibhte an Chomaraigh: An Charraig Bheag ó thuaidh, Cluain Fhiadh Paorach i lar slí, agus an Sráidbhaile ó dheas. Maireann scata maith de sheanmóintí foirmiúla againn, a bhíodh á n-aithris ag an Athair de Bhál ar an Domhnach agus ar fhéilte eile na hEagliase. I dteannta na seanmóintí san, áfach, do bhí gné eile d'obair an tsagairt ná maireann aon iarsma de aon áit eile. B'in é an teagasc a thugadh sé don bpobal is a bhain le cúrsaí an pharóiste féin, cúrsaí áitiúla nó teagasc baile, gheofá a rá.

Sin é an teagasc agus an chomhairle a chuireadh sé ar mhuintir na háite i dtaobh gnóthaí agus eachtraí nár bhain ach lena pharóiste agus lena phobal [**227**] féineach. Dá réir sin, cé go bhfuil a chuid seanmóintí ina n-ábhar spéise don scoláire teangan – agus tá an saghas san staidéir ar bun agam le tamall – is mó ar fad is díol suime ginearálta iad de bharr an eolais atá le fáil iontu ar an gceantar san desna Déise sa chéad leath den naoú haois déag. Is eol duinn ón méid díobh a foilsíodh sa *Linn Bhuí* go mbíonn trácht ag an Athair de Bhál ar chúrsaí an tséipéil – deisiúcháin agus mar sin de; ar chúrsaí oideachais; ar an bhfaicsionaíocht; ar chúrsaí mórálta – an rince agus an striapachas agus an ghadaíocht go háirithe; agus ar imeachtaí polaitiúla. Léiriú maith ar an dteagasc baile seo is ea an chomhairle a chuir an tAthair de Bhál ar a phobal aimsir an chalair 1832, agus a chuireann i bhfáir orainn go ríshoiléir nárbh aon nuaíocht ag na daoine seo é an t-uafás ná an sceimhle roimh an rud anaithnid dosheachanta:

> ba cheart díbh a bheith ar úr n-aireachas, úr dtithe a bheith glan istigh 's amuigh, úr ndóirse agus úr bhfuinneoga a bheith oscailte ga' haon lá agus aer folláin a ligint isteach. Agus thar gach uile ní, gan uchtach a thabhairt do allúraigh ná strainséirí le a bheith 'tabhairt iostais ná lóistín dóibh, mar ná fuil fhios agaibh dén sórt iad ná dén galar a bheadh orthu. (*An Linn Bhuí* 11 (2007) 119)

Léargas luachmhar ar shaol na ndaoine atá sna cáipéisí seo, agus foinsí is ea iad ar phobal Gaelach sa naoú haois déag ná fuil fáil air in aon áit eile sa tír. B'in é an pobal a bhí sa tsraith shóisialta díreach fé bhun na sraithe as a dtáinig na lámhscríbhinní Gaelacha.

Is eol dúinn óna chuid teagaisc go mbíodh an tAthair de Bhál – agus é ar aon dul le mórán eile de shagartaibh san aimsir úd – ina thaca le Dónall Ó Conaill agus leis an gCumann Caitliceach. Is eol dúinn leis, go mbíodh sé ag cur comhairle ar na daoine maidir le conas a gcuid vótaí a chaitheamh, is é sin buneolas á thabhairt aige dóibh ar an bpróiseas féin, conas leabhar a thabhairt (*An Linn Bhuí* 14 (2010) 160–65)) agus mar sin de. Gheofaí a rá go mbeadh sé do-dhéanta do dhuine dá leithéid cúrsaí polaitíochta a sheachaint. I gcúrsaí creidimh, i gcúrsaí sóisialta, i gcúrsaí oideachais, labhair sé go neambalbh, agus bhí ar an dtaobh coimeádach Conallach sa chur i gcoinnibh an fhoiréigin dó.

Aimsir chorraitheach ab ea í seo sna Déise. Anuas ar an ngáth-mhíshuaimhneas fén dtuath a bhí coitianta sna luathfhichidí, do thriail – agus d'éirigh leis – an Conallach iarrathóir a chur san iomaíocht i dtoghchán 1826, nuair a bhain Seárlas Villiers Stuard, Protastúnach liobrálach ó Dhroim Anna, a shuíochán den dteachta a raibh buancheart ar an suíochán [**228**] aige féin agus ag a mhuintir dar leis féin, George Beresford, de Phaoraigh an Churraigh Mhóir. Toghchán salach ab ea é seo, a raibh ana-bhaint ag bolscaireacht Ghaeilge leis. Cé ná maireann ach iarsmaí inniubh den ngné sin de, i bhfoinsí liteartha agus i bhfoinsí béil, is leor na hiarsmaí sin chun léiriú a dhéanamh dúinn ar an bpáirt lárnach a bhí ag teanga na ndaoine sa bhfeachtas, mar a chaithfeadh a bheith má bhí lucht leanúna an Chonallaigh le dul i bhfeidhm ar na saorshealbhóirí dachad scilling ar aon chor. Tá amhráin agus dánta againn ón dtoghchán san, agus ósna fothoghcháin a lean é, ag cur comhghnéasachais agus gach aon saghas ruda eile i leith Beresford. Bhagair Beresford agus a mhuintir go ndéanfaidís díshealbhú ar aoinne dá gcuid tionóntaithe a thabharfadh guth ar son Villiers Stuart – ós ard ós comhair an tsaoil an dheintí an vótáil an uair sin – agus b'in é mar a tharla. Tá fianaise ar an ndrochobair sin i measc cáipéisí an Athar de Bhál chomh maith.

Lucht déanta na leabhar Gaeilge

Bhí ceangal i gcónaí idir litríocht na Gaeilge, lucht cothaithe agus caomhnaithe na litríochta san (.i. na scoláirí agus na scríobhaithe), agus imeachtaí na haimsire inar mhaireadar. Dá chomhartha san, ní haon chiotrainn é an t-ardú – an spíce i dtéarmaí staitisticí – i líon na lámhscríbhinní a scríodh sna Déise sna 1820í: breis agus a dhá oiread is a scríodh in aon deichniúr de bhlianta roimhe ná ina dhiaidh. Is amhla a spreag cúinsí éagsúla sóisialta – oideachas, teacht ar dhúch agus ar pháipéar go flúirseach sna bailte móra, agus cúrsaí polaitiúla – gur spreagadar daoine chun pinn nú chun cleite, cuid acu as an nua ar fad. Mar shampla, tá ráite i dtaobh lámhscríbhinne le duine acu san, William Shine, múinteoir scoile sa Ghráinsigh i bparóiste na hAirde Móire, a bhíodh ag scríobh mar chaitheamh aimsire dó féin idir na blianta 1820 agus 1848, gur chuaigh feabhas ar a chuid peannaireachta ón uair a chuir tús leis an obair go dtí gur chuir sé i gcrích é (ARÉ LS 23 O 68). Ní hamháin gur spreagadh daoine chun a leabhair féin a scríobh ach spreagadh iad chun leabhair a chur á scríobh dóibh, mar a tharla i gcás an Leabhair

Aifrinn a dhein Tomás Ó hIceadha do Risteard Ó Faoláin, feirmeoir láidir ón gCoitín, Cill Rosanta, sa mbliain 1823/4 (*Celtica* 24 (2003) 266).

Taobh amuigh de dhaoine 'nua' a spreagadh chun oibre, bhí dornán scoláirí dúchais a raibh baint acu le himeachtaí polaitiúla na bhfichidí sna Déise. Is eol dúinn beirt nó triúr acu san: Tomás Ó hAthairne ón tSráidbhaile, Séamus Ó Scoraí ó Thigh an Chnuic i ndeisceart Chill Chainnigh, agus go mórmhór Tomás Ó hIceadha a luadh thuas, ó cheantar Mhuileann na hUamhan i dTiobraid Árann. Tá sé soiléir go raibh cuid [**229**] acu san a bhí ag gníomhú aimsir an toghcháin (an tAthairneach agus Ó hIceadha go háirithe) i réim arís fé bhun deich mbliana ina dhiaidh sin nuair a tharla eachtra desna heachtraí ba shuaithinsí i stair na Gaeilge sa naoú haois déag in Éirinn, ní áirím sna Déise féin. B'in é bunú an Choláiste Ghaelaigh i bparóiste an Athar de Bhál, bliain tar éis bháis dó, 1835.

Mar is eol dúinn, Pilib Barún (ar leis an *Waterford Mirror*, ceann desna páipéirí nuachta ba dhíograisí ar son na gCaitliceach aimsir na dtoghchán) a ba chúis leis seo, nó a bhí mar fhear tosaigh sa ghnó. Ní mór an rath a bhí air fiú sa ghearr-théarma, ach amháin sna foilseacháin a d'eascair ón dtionscnamh. Níorbh aon choláiste samhraidh nua-aimseartha a bhí anso, ach institiúid más ea chun an litríocht scríofa a shaothrú agus a chaomhnú; is é sin, gnó a bheadh bunaithe go hiomlán ar oidhreacht na lámhscríbhinní. Bhí an Barúnach féin gníomhach i gCúige Mumhan ar thóir scríobhaithe agus lámhscríbhinní, ach ar leic an dorais dó bhí oiread ábhair den tsaghas san is a chuirfeadh bonn fén obair muireach gur theip ar an mBarúnach féin i gcúrsaí gnó agus i gcúrsaí airgeadais. Ar ámharaí an tsaoil maireann cuid bheag éigin desna lámhscríbhinní a bhain le lucht an Choláiste, nó a spreagadh de bharr obair an Bharúnaigh is a gineadh ar ball.

Cnuasach é seo (Leabharlann John Ryland, LS 134) a bhailigh Seán Pléimeann – oide scoile agus eagarthóir *Irisleabhar na Gaedhilge* (féach *An Linn Bhuí* 20 (2016)) – agus baineann sé leis na blianta 1820 go 1841. Ach an fhianaise a thógaint i dteannta lámhscríbhinní eile a mhaireann ón gceantar agus ón dtráth céanna, léiríonn an cnuasach gréasán de scríobhaithe, nó de leabhróirí ar a laghad, a bhí ag teacht chun cinn sna Déise san am so, cuid acu ná raibh ach gabháltaisí beaga acu, agus cuid eile ar d'aicme na bhfeirmeóirí láidre iad.

Sampla ó chnuasach an Phléimeannaigh d'fhear an ghabháltais bhig ná Éamonn Cuirrín ón gCruach i bParóiste Chill Rosanta a raibh díolaim dánta á scríobh aige dó féin sna blianta 1836–37; sampla an fheirmeora láidir ná Tomás Ó Cofú ón Lios Ard, díreach taobh le suíomh an Choláiste, a bhfuil a ainm curtha le lámhscríbhinn sa mbliain 1832. Deirim gur cuireadh a ainm leis mar is i láimh Thomáis Í Iceadha atá an lámhscríbhinn féin – ar aon dul le leabhar an Fhaolánaigh a luadh thuas – agus tá le tuiscint go mb'fhéidir gur chuid de mhargadh an scríobhaí leis an bpátrún ná an ghné sin a bheith le feiscint ar an déantús deiridh. Duanaire amhrán agus filiochta arís atá sa lámhscríbhinn seo.

Ní i bhfolús a tháinig Coláiste an Bharúnaigh ar an saol mar sin, agus ní mó gur i bhfolús a tháinig na lámhscríbhinní a cruthaíodh i ngiorracht dó ar an saol ach oiread. Ba chuid de ghluaiseacht shóisialta iad, inar tugadh [**230**] seasamh don dTéacs Gaeilge agus don

Leabhar Gaeilge nár tugadh dóibh ón gcianaimsir i leith b'fhéidir. Is é sin le rá, go raibh aitheantas ag góil le scríobh agus le litríocht na Gaeilge aimsir seo an Chonallaigh, aimsir Shaoirse na gCaitliceach, aimsir Chogadh na nDeachúna, fiú aimsir theacht an Chalair. Aitheantas é seo ar deacair sainmhíniú a thabhairt air, ach ar bhain cuid de le féinmhuinín agus féinléiriú, is dóigh liom, agus a bhfuil macalla de le feiscint i saothrú na filíochta náisiúnta i mBéarla ag Thomas Davis agus ag daoine eile a ghaibh le hÉire Óg ina dhiaidh.

Do réir a chéile, mar sin, táimíd ag dul i dtuiscint ar conas a chuaigh cúinsí seachtracha sa chéad leath den naoú haois déag i bhfeidhm ar shaothrú na litríochta agus na lámhscríbhinní sna Déise. Bheadh sé ábhar simplí, áfach, a mheas go bhféadfaí gach aon lámhscríbhinn a shuíomh sa chomhthéacs sóisialta nó polaitiúil. I scéal na leabhar chaithfí daoine ar nós Risteard Paor agus é ina chléireach thoir i dtigh na ngealt i gcathair Phort Láirge a chuir san áireamh agus lámhscríbhinní diadha á scríobh aige gan staonadh. Chaithfí leis an tUrramach Cathal Ó Tucaí lastuaidh i gCloichín an Mhargaidh a áireamh, agus leabhair á gcóipeáil aige gan aon chomhthéacs sóisialta aige ach gluaiseacht na hársaíochta.

Seán Ó Muirgheasa

Pé slí ina mbreithneofaí ar an scéal, chaithfí an cheist seo a chur: in aimsir chorraitheach agus in aimsir an Drochshaoil go háirithe, conas a tharla gur leanadh do lámhscríbhinní na Gaeilge a scríobh agus do litríocht na Gaeilge a chaomhnú; agus conas a tharla go dtáinig bláthú ar an obair sin? Agus sinn sa tóir ar fhreagra na ceiste sin, ní fearr deismireacht ar a raibh i gceist ná cuid de lámhscríbhinní Chnoic Mhellerí, an chuid díobh a tháinig go déanach chúchu. I seilbh Katie O'Brien, bean uasal ó Ré an Bhóthair Bhuí laisteas den Screathan, a bhídís nó gur bhronn sí ar leabharlann na mainistreach iad sara bhfuair sí bás sa mbliain 1995. Sé cinn de lámhscríbhinní a bhí sa chnuasach sin, agus dob é sin-seanathair do Katie, Seán Ó Muirgheasa, a scríobh cúig cinn acu. Bhí Katie féin in ann nisint dom gur le sú na caoire troime a deineadh an dúch, rud ná fuil ar mo chumas a bhréagnú ná a fhíoradh.

B'as baile fearainn Mhuine (nó Móin, b'fhéidir) an tSeabhaic do Sheán Ó Muirgheasa. Tamall soir ó Ré an Bhóthair Bhuí atá Muine an tSeabhaic, baile fearainn ana-bheag (135 d'acraí gallda) i gceantar Shliabh gCua, ar leaca oirthir an Chnoic Mhaoil, ar an dteorainn le Tiobraid Árann, agus é buailte suas le Breo, portach sléibhe ar a dtugtar Broemountain i mBéarla, agus dá dtagraíonn an t-amhrán 'Idir Deighric is Breo um nóin seal do bhíos / [**231**] ar mo thriall dom go Tiobraid Árann'. Tá paróiste an Chaisleáin Nua díreach lastuaidh de, ceantar *An Gleann agus a raibh ann*, agus laisteas tá Baile na Giolcaí, mar a mbíodh scoil ag Donnchadh Ruadh tráth.


Idir na blianta 1843 agus 1880 is ea a scríodh a raibh de lámhscríbhinní ag Katie, agus tá iarsma eile gan dáta de chuid an Mhuirgheasaigh sa Leabharlann Náisiúnta. Ina fhochair sin tá dhá leabhar eile dá chuid i mbailiúchán an Acadaimh anois, leabhair a bhí i seilbh Dhomhnaill Uí Fhearachair tráth, agus ar fíordhíol suime ceann acu (ARÉ 23 A 52) mar gur dá chomharsa, Pádraig Ó Núnáin ó Bhán an Choirín i mBuaile hAllaí, a bhreac Seán é sa mbliain 1831. Sid í an scríbhinn is luaithe atá againn ó Sheán Ó Muirgheasa mar sin.

Ar an inscríbhinn ar an gcrois Cheilteach a thóg a mhac Risteard dó (a bhí ar deoraíocht i mBrooklyn) laistiar do shéipéal Thuar an Fhíona, léimíd gur dhá bhliain déag agus trí fichid a bhí Seán Ó Muirgheasa nuair a fuair sé bás sa mbliain 1891. Dhéanfadh san garsún de dhá bhliain déag de agus leabhar á bhreacadh aige in 1831, rud is deacair a chreidiúint. B'fhéidir ná beimís i bhfad amú dá ndéarfaimís gur isteach is amach le fiche blian a bhí sé an tráth san, agus gur ghoire don gceithre scór dó ar lá a bháis é dá réir sin. (Chuaigh dem dhícheall teastas báis a aimsiú dó.)

Cáipéis ghairid is ea é seo agus gan ach 24 de leathanaigh inti, aon téacs amháin ó thosach deireadh, dán diadha fada dár tosach *Smaoinigh a pheacaigh mar cailleadh do ghaolta*. I bpeannaireacht agus i litriú an Bhéarla atá an dán so scríofa, ar aon dul leis an tslí ina scríobhadh an tAthair de Bhál a chuid seanmóintí amach dó féin. Ina chás siúd, áfach, is dóichí ná raibh sé cleachtaithe ar an nGaeilge a scríobh. Ní bhfaighfí an rud céanna a chur i leith Sheáin Uí Mhuirgheasa, áfach, mar go dtaispeánann nóta (lch 8) agus calafan (lch 19) a scrígh sé agus iad sa scríbhinn Ghaelach go raibh greim mhaith aige ar pheannaireacht na Gaeilge an uair seo.

Rogha a bhí á dhéanamh d'aon ghnó ag an Muigheasach, dá réir sin, leas a bhaint as an scríbhinn Bhéarla in ionad scríbhinn na Gaeilge. Ní shamhlóinn aon chúis leis sin ach gan léamh na Gaeilge a bheith ag an té a raibh an dán á chóipeáil aige dó, a chomharsa Pádraig Ó Núnáin. Más fíor so, agus dealraíonn gur fíor, gheobhadh an cás so a bheith úsáideach agus déantúisí den tsaghas céanna i gcéin agus i gcóngar á meas againn. B'fhéidir, fiú, gurbh é an Núnánach a sholáthraigh an bunábhar Gaeilge i dtreo go scríobhfadh Seán amach i litriú an Bhéarla dó é. Sid é an nóta a chuireann Seán i ndeireadh a dhreasa scríobhnóireachta dhó, agus é scríofa aige i litriú na Gaeilge agus i litriú an Bhéarla ina dhiaidh sin:

[**232**]



Gaeilge sa scríbhinn Ghaelach agus i scríbhinn an Bhéarla ó Sheán Ó Muirgheasa

[**233**]

> Anis, do mheng ró bhaoch diot dha níanfa an meid shin serbhís dom, se shin. aon leabhair Gaelge no Béarla. Chompordúl, no fos aon eachtara na. padir no Comhlabhradh. eile. do rángóch thu; tamal de chuir chum. / is me do charaid. / Seadhan Ó Mreasadh
>
> Anis, do veng ro vaoch diot da nianfa an meid shin Servees dom, She Shin, aon leavair gaeilge, na [b]earla, Comporduil. no fos. aon eachtra no paidir na Covlavra eile do raungoch hu; tamal de chuir chum / is me do charaid / Seagan O Mreesa

Caithfidh mar sin gur ag druidiúint leis na tríochaidí a bhí Seán Ó Muirgheasa agus an leabhar is tathagaí i gcnuasach Katie O'Brien á bhreacadh aige idir na blianta 1844 agus 1846. Is é sin lámhscríbhinn de thart ar chéad caoga leathanach, atá anois sa chartlann i Mainistir Chnoc Mhellerí (LS 11). Cé go mbíodh sé ag cóipiú as leabhair clóite agus as lámhscríbhinní, dealraíonn sé gur as lámhscríbhinn a cóipeáladh ana-chuid dá bhfuil sa leabhar so, mar go bhfuil nóta le Tomás Ó Conchubhair (scríobhaí as Tiobraid Árann)

agus na dátaí 1825 agus 1826 leis, curtha isteach ina leabhar féin ag Seán. Meascán d'fhilíocht na Mumhan ón 18ú haois agus den bhFianaíocht atá sa lámhscríbhinn, gnáthmheascán go mbeadh coinne ag duine leis i lámhscríbhinn dá leithéid. Bhí an lámhscríbhinn seo á scríobh aige díreach san am go raibh an dubh ag teacht ar na prátaí agus go raibh tosnaithe ag bochtáin ón gceantar so ar thabhairt fé Thigh na mBocht i nDún Garbhán, cúig mhíle dhéag ó dheas. Na ceantracha iargúlta ba mhó a d'fhulaing, agus mhair cuimhne i Muine an tSeabhaic ar lánúin de mhuintir Dháltún a raibh an iomarca prataí acu bliain amháin agus gan dada acu an bhliain ina dhiaidh sin, gur sciob an fiabhras iad (*Éigse* 30, lch 95).


An ceangal a bhí ar leabhar so an Mhuirgheasaigh, is ceangal dá chuid féin a bhí ann. Is maith an ní é sin, mar cé go bhfuil an cairtchlár titthe anois de, fanann an t-ábhar a dh'úsáid sé i gcomhair na leathanach ceangail chun tosaigh agus chun deiridh. Is é atá sna leathanaigh seo ná cuid de leabhar pá a bhí in usáid ar 'oibreacha faoisimh' i gceantar Mhuine an tSeabhaic i nDeireadh Fómhair agus i Mí na Samhna 1846. Mar atá ráite sa tuairisc a thugas ar an gcnuasach so fadó in *Éigse* uimhir 30, rudaí is ea na leathanaigh seo ná maireann ach go fíór-annamh, agus an té ná beadh cur amach aige ar stair na Gaeilge ar éigin a bheadh fhios aige gur mhair aon iarsma den saghas so cáipéisíochta ar aon chor, toisc gur i lámhscríbhinn eile Gaeilge (ó Chiarraí) a mhaireann an t-aon sampla eile atá ar eolas againn.
[**234]**



Bóthar Bhreo inniubh

Baineann na leathanaigh seo le cúntaisí tuarastail i gcóir na seachtainí dár chríoch an 10ú, an 24ú agus 31ú lá de Dheireadh Fómhair; agus an tseachtain dár chríoch an 14 Samhain. Tá fianaise ann ar thart fé dhachad duine – fir, garsúin agus mná – a bheith á bhfostú ar dheisiú bhóthar Bhreó i gcaitheamh an ama san, den 1,600 duine sa cheantar a raibh coiste faoisimh áitiúil ad iarraidh fóirithint orthu ag an dtráth so (Cart. Náis., RLFC3/1/3413). Sin é an bóthar a ghabhann ina theorainn idir an mbaile fearainn sin agus Muine an tSeabhaic. Ar bharra gach aon leathanaigh desna bileoga tuarastail tá ainm Béarla Sheáin Uí Mhuirgheasa féin, á thabhairt le fios gurbh eisean an saoiste a bhí i bhfeighil an luchta oibre. Tá a ainm le feiscint arís i measc na bhfear oibre laistíos.

Sna cúntaisí seo, luaitear ainmneacha na n-oibrithe, an mó lá, nó codanna de laethanta, a bhíodar ag obair sa tseachtain, an ráta in aghaidh an lae, agus an méid a bhí ag dul dóibh. Deich bpinginn sa ló a bhí ag an bhfear oibre, dhá scilling agus réal ag fear a raibh capall á sholáthar aige; réal (nó seacht bpinginn seachtain amháin) ag mnáibh; agus cúig phinginn [**235**] ag garsúin. I dtearmaí na haimsire sin, airgead maith ab ea é sin, go háirithe um Shamhain agus saothar na bliana i gcrích.



Road, ending October 24th 1846

MEN'S NAMES.	Monday.	Tuesday.	Wednesday	Thursday.	Friday.	Saturday.	Monday.	Tuesday.	Wednesday	Thursday.	Friday.	Saturday	Total of Days.	Wages per Day.
Horses														
Michl Corbett	1	"	"	"	"	"							1	2-6
Martin Mackey	"	1	"	"	"	"							1	2-
Edwd Dalton	"	1	"	"	"	"							1	2-
Michl Hart	"	"	"	3/4	1	3/4							2½	2- 6
Pat Mackey	"	"	"	1	"	"							1	2-
Michl Cahill	"	"	"	"	1	1							2	2-
Women														
Mary Hart	1	1	"	1	1	1							5	7-
Catherine Normand	1	"	"	1	1	1							4	2-
Bridget Cahill	"	1	"	"	"	"							1	1-
Mary Metcalfe	"	"	"	3/4	"	"							3/4	1- 6
Bridget Meehan	"	"	"	1	1								2	2-

Liosta na mban agus fir na gcapall, Deireadh Fómhair 1846

Na daoine a bhfuil a n-ainmneacha agus sloinnte luaite ar na leathanaigh seo, is féidir iad nó a muintir a aithint ó Luacháil Griffith nó ósna foinsí neamhfhoilsithe san Oifig Luachála. Cuid acu is sealbhóirí beaga iad, cuid eile, is dóigh liom go mb'fhéidir gurb iad clannmhac na sealbhóirí atá i gceist; theastódh roinnt mhaith cuardaíochta i measc thaifeadaí an pharóiste chun é sin a chruthú. Ní nach ionadh, formhór mór na ndaoine a luaitear, dob as na bailte fearainn thart thimpeall ar Bhreó dhóibh, cuid bheag ó thaobh Thiobraid Árann den gcontae, ach an chuid is mó acu ó Cho. Phort Láirge. Bheadh ábhar suimiúil taighde sa dornán leathanach so d'aoinne a chuirfeadh suim i seasamh agus stádas na ndaoine a bhí ag obair. Ar na daoine gur féidir iad a aithint ina dtionóntaithe ainmnithe, áfach, is léir [**236**] gur sealbhóirí beaga iad. An beagán nach féidir a sloinnte a aimsiú i measc na dtaifeadaí, b'fhéidir gur sclábhaithe gan seilbh ar bith iad.

Chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach, níl ach eisceacht amháin orthu so go léir maidir le seasamh eacnamaíoch de. Is é sin fear déanta na lámhscríbhinní agus fear na n-oibreacha a mhaoirsiú: Seán Ó Muirgheasa. Is eol dúinn go raibh 46 d'acraí ar cíos aige i Muine an tSeabhaic, agus 56 d'acraí móna i mBreó. Is é sin le rá gurbh é an tiontónta ba mhó strus ina bhaile fearainn féin é agus, ina fhochair sin, rud a nochtann a chuid lámhscríbhinní, ba dhuine é a raibh léamh agus scríobh aige sa dá theanga. Cuimhnímís gur lucht Gaeilge ab ea ana-chuid den dream a dhein ar Thigh na mBocht i nDún Garbhán, agus gur as Gaeilge a labhair an sagart leo, an tAthair Pádraig Ó Fógartaigh, tráth gur mheas an slua briseadh isteach ar an stóras bia ar ché Dhún Garbhán i nDeireadh Fómhair 1846, an tráth céanna is a bhí na hoibreacha faoisimh ar siúl i Muine an tSeabhaic. Ní dócha go raibh léamh agus scríobh in aon teanga ach ag fíorbheagán acu san, má bhí ag aoinne acu.

Náisiúnachas

Bhí dhá ghné ina dtaca le saothrú na leabhar Gaeilge i lár an Ghorta: an ghné náisiúnta agus an ghné áitiúil. Dob í an ghné náisiúnta an ceann céanna, geall leis, is a bhí ag tiomáint déanamh na lámhscríbhinní sna Déise ósna fichidí ar aghaidh, b'é sin gné an Chonallaigh, nó, ag brath ar an luí pearsanta a bheadh ag duine, gné Éire Óg sna tríochaidí chomh maith. Ná níor leasc le lucht Reipéil leas a bhaint as cúinsí an Ghorta Mhóir chun scéal a chur i bhfáir ar an bpobal. Seo mar a labhair Pádraig Ó Maonaigh (*An Linn Bhuí* 3 (1999) 72–81), Gaeilgeoir agus sagart cúnta pharóiste Mhuire i gCluain Meala, tamall lastuaidh de Mhuine an tSeabhaic, Lá 'le Pádraig 1848:

> You see your fathers and mothers, your wives, brothers and sisters sinking and dying before their years from starvation and famine, and you continue loyal and peaceable, – well continue so. But things cannot hold as they are, keep your eyes, and your ears, too, open and bide your time. (*Studia Hibernica* 37 (2011) 168)

Mar ar tugadh le fios thuas cheana, fathach na lámhscríbhinní Gaeilge sna Déise i gcaitheamh na tréimhse seo go léir ab ea Tomás Ó hIceadha. Giolla an Athar de Bhál ab ea é, agus b'in a thug go dúthaigh Déise chéad uair é. Dob é a d'aistrigh cuid dá ghnáthsheanmóintí ón mBearla dó. Chum sé amhráin i gcoinne George Beresford aimsir thoghchán 1826. Bhí sé luaite le Coláiste an Bharúnaigh [**237**] in 1835. Agus tar éis bháis don Athair de Bhál in 1834 ceapadh ina mhúinteoir é – nó ina ollamh mar deirtí – le

Gaeilge i gcoláiste na sagart, Coláiste Eoin i bPort Láirge, mar ar fhan sé go bliain a bháis in 1856. Tá rian a pheannaireachta le feiscint ar thart ar dhachad de lámhscríbhinní a mhaireann inniubh againn, an duine ba thorthúla i gcúrsaí lámhscríbhinní riamh i stair na nDéise.

Fear gnímh ab ea Ó hIceadha dá réir sin, agus is minic a gheibhmíd leide ina chuid cáipéisí ar an bhféachaint amach a bhí aige i leith chúrsaí comhaimseartha. Tá, mar shampla, an tuiscint a bhí aige ar cad ba Éireannach ann, agus gurbh ionann bheith id Éireannach agus scríobh na Gaeilge a bheith agat. Deismireacht air sin an leathabairt seo as reamhrá a chuir sé le leabhar dá chuid thart ar an mbliain 1845: 'air an adhbhar nach fuil leabhar air bith is cirte d'Éireannach ioná leabhar Gaodhailge' (LS Mel. 17). Agus i litir a scrígh sé in 1848 thar ceann Ghearóid Uí Mhaonaigh, ábhar sagairt i gColáiste Eoin ar theastaigh uaidh scríobh as Gaeilge dá dheartháir, an tAthair Pádraig a luadh cheana, deir sé:

> Ó'n tís gurab Eireanaig sinn uile, tá sé dlightheach gur ceart dúinn ár smuainte agus ár mbriathra uile d'foillsiughadh ionnár máthair-theangan dhílis féin, gan claonadh do chum conganta d'fhághail ó aon teangain choimhtheach. (*Decies* 57 (2001) 89)

I gcnuasach an Phléimeannaigh atá an litir sin. B'ionann agus suaitheantas nó comhartha aitheantais an scríbhinn Ghaelach i dtuairim Thomáis Uí Iceadha, agus tá lorg na tuairime sin le feiscint ar na lámhscríbhinní a táirgíodh i gceantar na nDéise sa tréimhse seo. B'in é, dar liom, go díreach nó go hindíreach, a bhrostaigh daoine chun scríobh na Gaeilge a fhoghlaim chun go bhféadfaidís féin leabhar a scríobh – agus duine ana-shuimiúil sa ghnó san is ea Nioclás Ó Fuartháin, feirmeoir láidir ó Bhaile Uí Chiaróg, gairid do cheantar Philib Barúin (*An Linn Bhuí* 18 (2014) 218–32) – nó chun Ó hIceadha a fhostú chun lámhscríbhinn a dhéanamh dóibh agus a n-ainmneacha a chur lé.

Agus an bhéim a leagtar go láncheart ar an ainnise agus ar an uafás aimsir an Ghorta Mhóir, is fuirist a dhearúd nár cuireadh isteach oiread san ar imeachtaí an tsaoil i réimsí eile, go háirithe i mBaile Átha Cliath, mar ar bunaíodh, mar shampla, an Royal Irish Academy of Music sa mbliain1848. Bhí tógáil na mbóithre iarainn fé lántseol feadh na tréimhse seo go léir, mar shampla eile. Bhí muintir Éire Óg chomh scoite sin amach ó imeachtaí fén dtuath gur cheapadar éirí amach a chur sa tsiúl tráth ba laige na daoine [**238**] is mó go mbeadh a mbrath orthu. Agus bhunaigh Seán Ó Dálaigh an Cumann Ceilteach i mBaile Átha Cliath sa mbliain 1847.

B'as an bhFearnán, i bparóiste Leic Dhobhráin, don Dálach ó dhúchas, i ngiorracht míle do Mhuine an tSeabhaic. Maireann litir aonair ón Muirgheasach go dtí é, litir dár dáta Samhain 1846, díreach san am go raibh an Dálach i dtosach a ghreise mar údar agus díoltóir leabhar i mBaile Átha Cliath, agus go raibh airgead á thuilleamh ag an Muirgheasach ó bheith ina shaoiste ar na hoibreacha faoisimh ar bhóthar Bhreó (*Éigse* 30, lch 96). Míníonn an Muirgheasach sa litir go bhfuil éirithe leis scríobh na Gaeilge a mhúineadh dó féin agus gur mian leis anois cur leis sin tré fhoclóir a cheannach, chomh

maith le ‘one of your elementary books’ (.i. *Féin-theagasg Gaoidheilge* ná raibh ach díreach eisithe ag an nDálach):

> I am very anxious to come at the knowledge of the Irish, I have made a Tolerable Proficiency in it, merely by my own exertions.

Cuireann Ó Muirgheasa órdú de luach trí scilling leis an litir: cúig scilling sa tseachtain a bhí aige as na hoibreacha faoisimh. Idir dhá scilling agus trí a bhí ar chloch den min bhuí i nDún Garbhán Mí na Samhna na bliana céanna san 1846 (Fraher, *Desperate haven*, 36).

Is é cás Sheáin Uí Mhuirgheasa is fearr a léiríonn an cineál *nouveau* scríobhaí atá le tabhairt fé ndeara i measc an mheán-aicme d’fheirmeoirí sna Déise san aimsir seo. Agus dá mba mhian linn a léiriú nach iad na feirmeoirí amháin a bhí ag góilt don obair seo, d’fhéadfaí cás Mhichíl Bhrún, a raibh siopa agus tigh tábhairne sa Lios Mór aige (*An Linn Bhuí* 18, lch 239) a lua, an t-aon scríobhaí nó scoláire atá luaite agam anso – lasmuigh den bPléimeannach agus de Phádraig Ó Maonaigh – ar bhall den gCumann Ceilteach é (*Misc. Celtic Soc.*, lch vii (Michael Browne); LNÉ LS 1418, lch 4) agus a bhfuil dhá lámhscríbhinn againn uaidh a scrígh sé sna luath-dhachaidí (LNÉ LSS G 365, G 495).

Maidir le Seán Ó Muirgheasa de, ós rud é gur dóichí gurbh é a chumas léimh agus scríbh a ba chúis lena cheapadh ina shaoiste, agus gurbh iad na hoibreacha faoisimh seo a thug an bhreis airgid dó chun leabhair a cheannach ó Sheán Ó Dálaigh, léiriú ar ghné amháin de stair an Ghorta Mhóir is ea a shaothar. Léiriú tábhachtach is ea é leis ar chothú litríocht na Gaeilge san aimsir sin, mar, fé mar is eol dúinn ó stair na hÉireann ón mheánaois anuas, níorbh é gnó na mbocht riamh é cleachtadh na litríochta céanna.

[**239**]

Suimiú agus tuairimí

Bíodh is ná fuil sa scéal thuas ach iarracht tosaigh ar sheasamh na scríobhaithe a fhiosrú, ní miste tuairimí áirithe i dtaobh cheist na lámhscríbhinní Déiseacha a chur chun cinn anois, fiú má bhréagnófar amach anso iad.

An chéad rud ná nach aon iarsma deiridh de thraidisiún fada leanúnach a bhí i ndéanamh na lámhscríbhinní sna Déise sa chéad leath den naoú haois déag. Bheadh stair na litríochta san ochtú haois déag ag teacht leis sin cuid mhór: na filí ba mhó le rá sna Déise ba ón dtaobh amuigh a thánaíodar – Donnchadh Ruadh, Tadhg Gaelach, Piaras Mac Gearailt (cé nárbh aon aistear rófhada ar Phiaras é). Sa mhéid is go raibh ar an Muirgheasach léamh agus scríobh na Gaeilge a mhúineadh dó féin, agus go raibh soláthar á dhéanamh aige dá chomharsa, an Núnánach, maidir le hábhar léitheoireachta de sa teangain sin tré scríbhinn an Bhéarla, tá sé soiléir go maith, i gcomhthéacs léann na Gaeilge de, nárbh ann don dtabhairt ar aghaidh ó ghlúin go glúin a shamhlaímíd de ghnáth – go hearráideach b’fhéidir – le traidisiún na lámhscríbhinní sa chás so.

Is fiú a lua leis go léiríonn buneolas na ndaonáireamh go raibh ós cionn caoga fán gcéad den bpobal Déiseach gan léamh ná scríobh (in aon teangain) i lár an naoú haois déag, ach gur mhar a chéile na figiúirí i gContaetha Chorcaí agus Chiarraí, áiteanna a raibh raidhse lámhscríbhinní agus cultúr saibhir litríochta go stairiúil, agus mar sin nach le cumas nó le héagcumas léimh ná scríbh go ginearálta atáimíd ag plé anso. Ní galar é sin a bhain leis na scríobhaithe: bhí scríobh an Bhéarla acu chomh maith céanna is a bhí scríobh na Gaeilge. Agus cuimhne – ní áirím cleachtas – na seana-scoileanna filíochta ag dul i léig, nó imithe i léig ar fad, fé dheireadh an ochtú haois déag ar a dhéanaí, níorbh aon iontas é dá bhfaighfí amach gur tré litriú an Bhéarla a tháinig roinnt mhaith desna scríobhaithe déanacha i dtír ar litriú na Gaeilge chéad uair, agus cuid mhaith acu á n-oiliúint féin ar an gcuma san ach teacht a bheith acu ar lámhscríbhinn de shórt éigin.

Agus tuairim againn i dtaobh conas a shealbhaíodar scríobh na Gaeilge, ní miste tuairim a chaitheamh i dtaobh cad ina thaobh gur chuireadar chuige ar aon chor. I gCo. Phort Láirge bhí anáil ag cúinsí seachtracha ar mheon na ndaoine a chuaigh i mbun leabhair Ghaeilge a cheannach nó a scríobh i bPaorachaibh agus i nDéiseachaibh, go háirithe idir na blianta 1810 agus 1850. Ósna fichidí ar aghaidh bhí baint leanúnach ag an náisiúnachas measartha – gluaiseacht nó gluaiseachtaí Dhónaill Uí Chonaill – leis an scéal, go náisiúnta agus go háitiúil. Bhí baint, leis, ag gné na hársaíochta a bhí ag dul chun cinn go mór san aimsir sin, agus gur éirigh le [**240**] dornán beag desna fir dhúchais léinn tairbhiú de, i gCo. Phort Láirge chomh maith le háiteanna eile sa tír.

Tríd is tríd, níorbh aon sclábhaithe agus gan acu ach bothán, nó bothán agus gáirdín, iad na Déisigh a bhíodh ag góilt do shaothrú na lámhscríbhinní, ach daoine a raibh gabháltaisí beaga d'ocht n-acraí acu agus as san suas go gabháltaisí móra de leathchéad nó trí scór. Is é sin bunús na bhfeirmeoirí láidre, daoine foghlamtha a raibh cuid éigin, beag nó mór, de ghustal an tsaoil acu. B'é an mhaoin agus an tabhairt suas, gan amhras, a thug fóirithint dóibh an cruatan agus an t-uafás a chúd ar an dtaobh ceart dá ndoras féin, agus dob iad leis a chuir i gcumas iad bheith i dteangáil le himeachtaí náisiúnta mar a bhí san am – gluaiseacht an Chonallaigh, Éire Óg, agus le cúrsaí cliathánacha ar nós gnó Sheáin Uí Dhálaigh. Is é rud atá le tabhairt fé ndeara i bhformhór na lámhscríbhinní a scríodh sna Déise idir 1810 agus 1850 ná teacht ar an saol d'aicme áirithe a mbeadh ana-bhaint acu le stair na tíre ar ball, nuair ná beadh pioc cainte a thuilleadh ar na tionóntaithe bochta. Ní ag feachaint siar atáid dá reir sin, ach ag féachaint rompu, agus an bhéim mhór ar na laoithe Fianaíochta i gcuid acu ina meafar ar an laochas uasal mórálta liteartha a dhéanfadh Gaill a chloí.

Is é ábhar a leabhair féin is mó a nascann Seán Ó Muirgheasa leis an saol lasmuigh, agus le gréasán tanaí na lámhscríbhinní, na scríobhaithe agus na leabhair chlóite Ghaeilge mar a bhí an uair sin ann. Ar aon dul le lámhscríbhinní na Gaeilge ón dara haois déag anuas, áfach, bíonn rudaí breise le foghlaim tré bhreithniú ar an lámhscríbhinn dhéanach ina hiomláine mar dhéantús. I gcás an leabhair de leabhraibh an Mhuirgheasaigh a bhí á lua anso, is iad na leathanaigh thosaigh agus deiridh a nascann lena chomharsanacht féin é agus go háirithe leis an aimsir inar scríodh an leabhar. Fé mar a scéitheann nótaí ciumhaise na lámhscríbhinní meamraim beag agus mór ar chúinsí scríofa agus déanta na leabhar san fadó, is iad na leathanaigh chúil seo an Mhuirgheasaigh a thugann isteach

sinn i saol na ndaoine i Muine an tSeabhaic um Dheireadh Fómhair agus um Shamhain 1846. Ar thaobh amháin tá an chontrárthacht idir an bhfear liteartha, más ea, agus é scoite óna chomharsanacht, ag scríobh go Baile Átha Cliath, nó ad iarraidh teacht áit ar bith ar ábhar scríofa Gaeilge ná fuil fáil air ina dhúthaigh féin: ag feidhmiú i saol neamhspleách mar a d'fheidhmigh lucht déanta na leabhar riamh. Ar thaobh eile tá fianaise na leathanach cúil adeireann linn gurbh é an cumas scríbh sin chomh maith leis an seasamh neamhspleách a bhronn a ghabháltas talún air ba chúis len é a cheapadh ina shaoiste ar na hoibreacha faoisimh go luath tar éis teacht an Drochshaoil.

[**241**]

Tá fianaise an leabhair bhig leochailigh seo Sheáin Uí Mhuirgheasa ag teacht lena bhfuil ar eolas maidir le seasamh an scríobhaí riamh anall: daoine uaisle nó leathuaisle ab ea iad riamh. Ina theannta san, is blúire fianaise ana-thábhachtach go deo í maidir leis an nGaeilge agus an Gorta Mór: b'amalach an gnó é do dhuine trácht ar an ábhar san gan fianaise an Mhuirgheasaigh a chur san áireamh. Ar aon dul le hana-chuid lámhscríbhinní eile i stair litríocht na Gaeilge, samhailt is ea an lámhscríbhinn seo a bhfuil scéal ón gcianaimsir le nisint aici, agus ní lú a tábhacht nach i gcorp an leabhair féin atá an scéal san le fáil, ach ina theorainn, áit ná beadh coinne ag an bhfear litríochta leis ach áit ná cuireann aon iontas ar an té a thuigeann nach déantúisí litríochta amháin iad lámhscríbhinní na Gaeilge.